RÚN (AE) 2022/1780 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0108/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 56 246 722 buiséad críochnaitheach an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí ("an tÚdarás") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 18,72 % i gcomparáid le 2019; de bhrí go maoinítear an tÚdarás le ranníocaíocht ón Aontas (EUR 16 765 425, arb ionann é agus 29,81 % den bhuiséad iomlán), ranníocaíochtaí ó údaráis mhaoirseachta náisiúnta na mBallstát (EUR 21 603 906, nó 38,41 %) agus táillí a fuarthas ó eintitis faoi mhaoirseacht (EUR 15 561 159, nó 27,67 %);

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais an Údaráis beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséadach 99,03 %, a léiríonn méadú an-bheag de 0,92 % i gcomparáid le 2019; á thabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 85,51 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 3,26 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin;

2. ag cur sonrú sa bharúil ón gCúirt gur shínigh an tÚdarás "máistir-chomhaontú seirbhísí sonraí" i Márta 2020 le cuideachta Cheanadach ar feadh uastréimhse 7 mbliana; á thabhairt dá haire nár sonraíodh uasmhéid an chonartha go soiléir, rud a laghdaíonn ar thrédhearcacht an chomhaontaithe a síníodh; á thabhairt dá haire gur ghlac an tÚdarás gníomhartha ceartaitheacha, i ndiaidh na hiniúchóireachta, chun dul i ngleic leis an laige thromchúiseach sin sa rialú inmheánach agus go ndearnadh an creatchonradh a chomhshíniú;

3. á thabhairt dá haire gur sonraíodh sa tuarascáil ón gCúirt nach ndearna an tÚdarás an ráta úis a leagtar amach i Rialacháin Tharmligthe an Choimisiúin Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar na híocaíochtaí déanacha arna ndéanamh ag roinnt gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus stórtha trádála i dtaca lena ranníocaíochtaí i gcomhair 2020; á thabhairt dá haire freisin nach ndearna an t-oifigeach údarúcháin na méideanna is infhaighte a shuí agus nár ghlac sé cinneadh foirmiúil an gnóthú úis ar an íocaíocht dhéanach (an pionós) a tharscaoileadh de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 101 den Rialachán Airgeadais; á thabhairt dá haire thairis sin gur méid EUR 13 601 atá san ús fabhraithe le haghaidh 2020, nó 0,1 % de na táillí iomlána in 2020, dar leis an Údarás; ag cur sonrú sna bearta ceartaitheacha a glacadh agus á iarraidh ar an Údarás tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le haon athruithe ábhartha;

4. á thabhairt dá haire go ngearrann an tÚdarás táillí ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus stórtha trádála agus nár cheart go gcumhdófaí leis na táillí sin ach caiteachas an Údaráis a bhaineann leis na táillí a gearradh, amháin; á thabhairt dá haire mar sin féin go bhfuair an Chúirt gur sháraigh na táillí a gearradh an caiteachas ábhartha, ionas gur cruthaíodh barrachais; á thabhairt dá haire go leanfaidh an tÚdarás an treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis an tsamhail bhuiséadaithe dá tháillí agus go bhfuil sé mar aidhm aige an trasmhaoiniú a theorannú i gcás inar féidir; á thabhairt dá haire mar sin féin a chasta atá struchtúr buiséadach an Údaráis, rud a chruthaíonn a thuilleadh deacrachtaí fós don struchtúr buiséadach agus a theorannaíonn cumas an Údaráis oiriúnú do theagmhais mhargaidh mar mhaoirseoir, agus cur chuige rioscabhunaithe in úsáid;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 177.

5. á thabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha ón tuarascáil ón gCúirt, go bhféadfadh sé gur trasmhaoiniú bliantúil gníomhaíochtaí a bheadh mar thoradh ar na barrachais agus easnaimh ó na táillí a ghearrtar ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus stórtha trádála; á thabhairt dá haire gur cheart don Údarás bealach a aimsiú chun trasmhaoiniú den sórt sin a sheachaint; á iarraidh ar an Údarás an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na forbairtí ina leith sin;

6. á thabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha ón tuarascáil ón gCúirt, nach ndearna an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin na n-údarás inniúil náisiúnta do bhliain N, arna mbunú ar mheastacháin, a choigeartú go figiúirí iarbhír riamh agus nár bheartaigh sé an coigeartú a dhéanamh; á iarraidh ar an Údarás gníomhaíocht a dhéanamh ina leith sin;

7. á thabhairt dá haire nach bhfuil an bunús dlí ag an Údarás chun a iarraidh ar stórtha trádála a bhfigiúirí trádála a bheith deimhnithe ag iniúchóirí neamhspleácha; ag cur sonrú sa fhreagra ón Údarás go mba cheart an rialachán tarmligthe maidir le táillí i gcás stórtha trádála a leasú chun an córas áirimh a chomhchuibhiú, i gcomhréir leis na moltaí ó Sheirbhís an Choimisiúin um Iniúchóireacht Inmheánach; á thabhairt dá haire thairis sin gur chuir an tÚdarás tograí faoi bhráid an Choimisiúin in 2020 agus go ndearna sé iad a chomhroinnt leis an gCúirt chun déileáil leis an tsaincheist sin;

Feidhmíocht

8. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go mbaineann an tÚdarás leas as bearta áirithe amhail eochairtháscairí feidhmíochta chun meastóireacht a dhéanamh ar an mbreisluach arna sholáthar ag a ghníomhaíochtaí agus as bearta eile chun feabhas a chur ar bhainistiú a bhuiséid, bearta amhail líon na dtopaicí riosca a ndearnadh anailís orthu, an ráta cealaithe i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus an ráta láimhdeachais foirne;

9. á thabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar a eochairtháscairí feidhmíochta dá chlár oibre bliantúil 2020, agus é ag díriú ar thionchar a thomhas; á thabhairt dá haire thairis sin go ndéanann an tÚdarás a chuid oibre a athbhreithniú ar bhonn cáilíochtúil i gcónaí, trí athbhreithnithe inmheánacha ad hoc ar thionscadail a tháirgeadh, nó "ceachtanna a foghlaimíodh";

10. á thabhairt dá haire go n-oibríonn an tÚdarás leis an dá Údarás Maoirseachta Eorpacha eile, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), trí bhíthin Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach; á thabhairt dá haire go n-oibríonn an Comhchoiste sna réimsí seo a leanas: anailísí micreastuamachta ar fhorbairtí, rioscaí agus leochaileachtaí trasearnála maidir le cobhsaíocht airgeadais, maoirseacht ar chomhghnóthais airgeadais, cuntasaíocht agus iniúchóireacht, táirgí infheistíochta miondíola agus saincheisteanna sa chosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí; á thabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag an gComhchoiste sa mhalartú faisnéise leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) freisin agus maidir le caidreamh a fhorbairt idir BERS agus na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha; á thabhairt dá haire gur shínigh an tÚdarás agus an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh Meabhrán Tuisceana freisin in 2013 lenar bunaíodh creat chun faisnéis a mhalartú i gcás inarb ionann freagrachtaí rialála an dá chomhlacht Aontais i ndáil le margaí fuinnimh mórdhíola, lena gcuimsítear trádáil i gconarthaí tráchtearraí agus díorthach; á thabhairt dá haire go bhfuil feidhm an Oifigigh cuntasaíochta ag an Údarás i gcomhpháirt le ÚBE, agus maidir leis an gcuid is mó dá phróiseas solathair gur comhsholáthair iad i gcomhpháirt le gníomhaíreachtaí eile agus leis an gCoimisiún; á thabhairt dá haire thairis sin gur chuir an tÚdarás a chlár digiteála riaracháin chun feidhme bunaithe ar bhogearraí TF atá á gcomhroinnt ag sé ghníomhaireacht Aontais eile, a chomhoibríonn le chéile chun cumarsáid a dhéanamh maidir leis na dea-chleachtais úsáideora agus leaganacha nua;

11. á thabhairt dá haire, mar thoradh ar thionchar phaindéim COVID-19, go ndearna an tÚdarás 81,5 % de na gníomhaiochtaí a bhí san áireamh ina chlár oibre bliantúil in 2020 a chur i gcrích, a léiríonn laghdú de 13,5 % i gcomparáid le 2019;

12. á thabhairt dá haire gur díol sásaimh don Údarás breithmheas dearfach na Parlaiminte ar rannpháirtíocht an Údaráis i réimse an airgeadais inbhuanaithe, chun trédhearcacht a áirithiú maidir le tionchair agus rioscaí inbhuanaitheachta do tháirgí agus do mhargaí airgeadais; á thabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di go rannchuidíonn an tÚdarás go gníomhach i gcónaí le forbairt chreat rialála agus praiticiúil an Aontais ar son na hinbhuanaitheachta, rud a cheanglaítear chun uaillmhian polaitiúil agus amchlár práinneach Chomhaontú Glas don Eoraip a chomhlíonadh, go háirithe i ndáil le Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na

([2]) Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le faisnéis neamhairgeadais agus éagsúlachta a bheith á nochtadh ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

hEorpa agus ón gComhairle ([4]); á chur in iúl gur díol sásaimh di ina leith sin Straitéis Airgeadais Inbhuanaithe an Údaráis a foilsíodh an 6 Feabhra 2020, lenar tugadh tús áite, i measc nithe eile, do chomhtháthú na hinbhuanaitheachta sa leabhar rialacha aonair;

Beartas foirne

13. á thabhairt dá haire go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 76,11 % ar an 31 Nollaig 2020, go raibh ceapacháin déanta i gcás 172 ghníomhaire shealadacha as 226 ghníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 210 bpost údaraithe in 2019); á thabhairt dá haire freisin, gur oibrigh 68 ngníomhaire ar conradh don Údarás in 2020 agus 10 saineolaí náisiúnta a bhí ar iasacht ag an Údarás;

14. á thabhairt dá haire, maidir leis an dáileadh inscne laistigh d'ardbhainistíocht an Údaráis, gur mná is ea triúr den chúigear; á thabhairt dá haire, maidir leis an dáileadh inscne laistigh de bhord bainistíochta an Údaráis gur mná is ea triúr den seisear; á thabhairt dá haire, thairis sin, maidir leis an dáileadh inscne laistigh d'fhoireann an Údaráis i gcoitinne, gur mná is ea 134 as 250; ag tabhairt le fios, áfach, maidir le hearcú foirne nua agus i dtaca le harduithe céime, gur cheart don Údarás a mheabhrú gurb iad scileanna, eolas agus taithí na n-iarrthóirí na gnéithe is tábhachtaí; á thabhairt le fios gur cheart aird a thabhairt ar an ngá atá le cothromaíocht gheografach i measc na mball foirne;

15. á thabhairt dá haire go raibh méadú ar ualach oibre an Údaráis in 2020, méadú a beartaíodh, agus go bhfuarthas 16 phost nua, a beartaíodh sa Chreat Airgeadais ilbhliantúil do 2020, chun freastal air; á thabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás poist a athleithdháileadh go hinmheánach freisin chun go mbeadh ionchur á sholáthar i gcónaí i gclár oibre Mhargaí Caipitil an Aontais agus chun an brú ar ghníomhaíochtaí an Údaráis a bhainistiú mar thoradh ar RA a bheith ag tarraingt siar ón Aontas; á thabhairt dá haire thairis sin gurbh éigean don Údarás a chlár oibre a athbhreithniú in 2020, trínar cuireadh moill ar chúraimí áirithe a bhí beartaithe agus athleithdháileadh eile foirne á dhéanamh, chun freagairt ar an ngéarchéim de bharr phaindéim COVID-19;

16. á thabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di tráth a tionscnaíodh socruithe teilea-oibre de bharr phaindéim COVID-19, gur eagraigh an tÚdarás seisiúin ar líne i gcomhréir lena bheartas maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chosc; á chur in iúl gur geal léi nach ndearnadh aon chásanna ciaptha a thuairisciú, a imscrúdú ná a thabhairt os comhair na cúirte in 2020;

Soláthar

17. ag cur sonrú sna hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ag an Údarás chun sineirgí a chruthú trí bhíthin nósanna imeachta comhsholáthair i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile Aontais; á thabhairt dá haire go raibh an tÚdarás páirteach in 20 nós imeachta soláthair idirinstitiúideach nua in 2020 im éineacht le gníomhaireachtaí eile, an Coimisiún, agus Parlaimint na hEorpa, lena n-áirítear nós imeachta amháin a raibh an tÚdarás féin i gceannas air; á mholadh don Údarás leanúint de shineirgí a fhorbairt le comhlachtaí eile Aontais;

18. á thabhairt dá haire gur thairbhigh an tÚdarás níos mó ná ariamh de dhigiteáil iomlán a chuid próiseas airgeadais agus soláthair uile in 2020, de bhrí gur tionscnaíodh córas gan pháipéar; á thabhairt dá haire gur lean an tÚdarás dá phróisis riaracháin le linn na paindéime agus gur éirigh sé níos éifeachtúla de bharr cleachtais sínithe digiteacha a bheith curtha leo;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

19. á thabhairt dá haire gur ó tháillí arna ngearradh ar na heintitis a ndéanann sé maoirseacht orthu a tháinig 27,66 % de bhuiséad an Údaráis; á thabhairt dá haire gur cuireadh bearta chun feidhme chun aon choinbhleachtaí leasa a mhaolú, agus go ndearna comhlachtaí Aontais agus iniúchóirí seachtracha iniúchóireacht ar na struchtúir agus na próisis sin; á iarraidh ar an Údarás leanúint dá thuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta atá déanta aige chun a áirithiú nach dtarlóidh aon choinbhleacht leasa;

([4]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

20. á thabhairt dá haire, i bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19 agus suaiteacht mhór sna margaí in earrach 2020, gur leasaigh bord bainistíochta an Údaráis an beartas eitice foirne chun go bhféadfaí cosc ginearálta sealadach ar thrádáil in ionstraimí airgeadais a thionscnamh, faoi imthosca áirithe, chun aon riosca déileáil cos istigh a chosc; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an tÚdarás go dícheallach leis na moltaí ón Ombudsman Eorpach don Údarás Baincéireachta Eorpach maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc i gcomhthéacs gníomhaíochtaí iarfhostaíochta bainisteoirí sinsearacha a imíonn, agus gur ionchorpraigh sé iad ina bheartas eitice foirne i mí na Nollag 2020;

21. á chur in iúl gur geal léi na céimeanna breise a glacadh chun feabhas a chur ar thrédhearcacht ghníomhaíochtaí an Údaráis trí chruinnithe bhaill foirne an Údaráis le geallsealbhóirí seachtracha a thuairisciú agus iad a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis;

22. á chur in iúl gur geal léi go bhfoilsíonn an tÚdarás CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí a bhoird bainistíochta agus na foirne bainistíochta;

Rialú inmheánach

23. á chur in iúl gur geal léi an measúnú bliantúil ar chóras rialaithe inmheánaigh an Údaráis agus an conclúid gur ann dó agus é dea-fheidhmiúil; á thabhairt dá haire gur shainaithin an tÚdarás 22 easnamh uile, gurbh easnaimh bheaga a bhformhór agus nár tharraing aon cheann díobh amhras ar phrionsabail an rialaithe inmheánaigh a bheith ann agus ag feidhmiú mar ba chóir; á thabhairt dá haire maidir leis na deiseanna feabhais a chonacthas go mbaineann a bhformhór leis na comhpháirteanna "timpeallacht rialaithe" agus "gníomhaíochtaí rialaithe"; á iarraidh ar an Údarás barúlacha na Cúirte a mheas go sainráite ina mheasúnú bliantúil, óir baineann cuid mhór de na barúlacha leis an gcóras rialaithe inmheánaigh;

24. á thabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt rialuithe inmheánacha laga maidir leis an bhfaireachán ar an am a muirearaíodh don Údarás i gconradh "am agus meáin" faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta TF; á thabhairt dá haire go bhfuair an Chúirt nár leor na seiceálacha a rinne an tÚdarás chun fíorú a dhéanamh ar an líon laethanta iarbhír a oibríodh lasmuigh den láthair faoin gconradh sin; á thabhairt dá haire thairis sin nár choinnigh an tÚdarás cuntas rialta ar an am a bhí á mhuirearú ag an gconraitheoir, cé gur shonraigh an creatchonradh gur cheart déanamh amhlaidh; á thabhairt dá haire maidir leis na rialuithe a bhí ag an Údarás chun a dhearbhú go raibh na híocaíochtaí a rinneadh leis an gconraitheoir bunaithe ar bhileoga ama a bhí bailí agus a cuireadh isteach go tráthúil, gur rialuithe laga ab ea iad ar an ábhar sin, rud arb ionann agus easnamh suntasach sa rialú inmheánach; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú i ndáil leis sin.

25. á thabhairt dá haire gur tháinig Seirbhís an Choimisiúin um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) ar an gconclúid maidir le córais bhainistithe agus rialaithe an Údaráis a cuireadh ar bun le haghaidh bainistiú gníomhaíocht-bhunaithe agus bailiú táillí, gur dearadh go himleor é agus é á chur chun feidhme go héifeachtach; a thabairt dá haire, as na cúig mholadh dá bhforáiltear sa tuarascáil maidir le SCInna, gur dúnadh ceithre cinn cheana féin; á thabhairt dá haire thairis sin go ndéanfaidh an tÚdarás an ceann deireanach a chur chun feidhme faoi dheireadh 2021, in éineacht le cur chun feidhme uirlis nua TF le haghaidh bainistiú gníomhaíocht-bhunaithe; á iarraidh ar an Údarás aon athrú ar an gcás sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

26. á thabhairt dá haire gur lainseáil an tÚdarás a phlean leanúnachais gnó agus gur chuir sé foireann bainistíochta leanúnachais gnó ar bun i bhFeabhra 2020; á thabhairt dá haire, ar an iomlán, go ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm ar an Údarás ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear cruinnithe níos minice i gcás an Bhoird Maoirseoirí agus cruinnithe grúpa eile an Údaráis, méadú ar an digiteáil agus ar úsáid na closchomhdhála agus na físchomhdhála agus uirlisí vótála, méadú ar a thábhachtaí a bhí láithreacht ar líne sna meáin shóisialta agus freastal ar chomhdhálacha ar líne, agus lorg carbóin níos lú mar thoradh ar laghdú ar an méid a priontáladh agus laghdú taistil;

27. á thabhairt dá haire, mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, gur threisigh an tÚdarás a ról comhordúcháin maidir le cistí infheistíochta a mhaoirsiú trí mhalairtí a eagrú go minic le húdaráis inniúla náisiúnta maidir le forbairtí margaidh agus rioscaí maoirseachta, maidir le ceisteanna leachtachta go háirithe;

Barúlacha eile

28. á thabhairt dá haire gur lean an tÚdarás dá ullmhúchán maidir le deireadh idirthréimhse tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, i gcomhréir lena mhisean chun feabhas a chur ar chosaint infheisteoirí agus margaí airgeadais cobhsaí agus ordúil a chur chun cinn; á thabhairt dá haire gur atosaigh an tÚdarás ar anailís chórasach a dhéanamh ar thionchar féideartha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ar fud mhargaí urrúis an Aontais agus maidir le rannpháirtithe sna margaí airgeadais, agus gur oibrigh sé i ndlúthpháirtíocht leis na húdaráis inniúla, an Coimisiún agus Údarás Iompair Airgeadais na Ríochta Aontaithe chun maolú a dhéanamh ar aon saincheisteanna a tháinig chun cinn;

29. á thabhairt dá haire gur oibrigh an tÚdarás, ó thús deireadh 2020, ar bhealach chun leanúint de chruinnithe ó chian tar éis na paindéime chun an laghdú dá réir ar thaisteal agus na buntáistí comhshaoil a eascraíonn as a choimeád; á mholadh don Údarás déanamh amhlaidh agus á iarraidh ar an Údarás aon athruithe i ndáil leis sin a thuairisciú;

30. á iarraidh go ndéanfaí nuachóiriú ar fhoirgnimh d'fhonn caighdeáin astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh, go háirithe trí phainéil ghréine a shuiteáil ar gach foirgneamh de chuid an Údaráis;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([5]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.